EirGrid.com

Beartas
Sochair Pobail

Clár na nÁbhar

Réamhrá	4
Céard é Ciste Sochair Pobail?	6
Cathain a bheidh Maoiniú Sochair Pobail ar fáil?	7
Céard é Fóram Pobail?	8
An Leagan Amach atá ar Chiste Sochair Pobail?	10
Sruthanna Sochair Pobail	13
Luach an chiste sochair pobail a mheas	15
Conas is féidir tuilleadh eolais a fháil	18

Réamhrá

Eolas fúinne agus maidir leis an obair a dhéanaimid

Forbraíonn, bainistíonn agus oibríonn EirGrid eangach leictreachais na hÉireann. Táimid freagrach as soláthar sábháilte, slán agus iontaofa leictreachais na hÉireann. Tá EirGrid ar thús cadhnaíochta freisin maidir le haistriú slán na heangaí chuig todhchaí ísealcharbóin inbhuanaithe.

Tugann an eangach cumhacht ón áit a ngintear í go dtí an áit a bhfuil sí ag teastáil ar fud na hÉireann. Soláthraíonn sí cumhacht go díreach do thionscal agus do ghnólachtaí a úsáideann méideanna móra leictreachais. Chomh maith leis sin, tugann an eangach cumhacht ó ghineadóirí go dtí an líonra baile a sholáthraíonn an leictreachas a úsáidtear gach lá i dtithe, i ngnólachtaí, i scoileanna agus in ospidéil.

Tacaíonn an bonneagar criticiúil seo le forbairt reatha ár sochaí agus ár ngeilleagair. Ach chomh tábhachtach céanna, cuideoidh an obair a dhéantar anois chun an eangach a fheabhsú le todhchaí níos inbhuanaithe a chruthú do na glúine atá le teacht.

Achoimre ar an mbeartas seo

Nuair a bhíonn bonneagar nua tarchuir á uasghrádú nó á chur ar fáil i gceantar, chun cabhrú leis an eangach a dhéanamh níos éifeachtúla agus níos inbhuanaithe, beidh cur isteach ar an bpobal áitiúil fad is a bheidh an obair á déanamh. Mairfidh na buntáistí a bhaineann le fuinneamh sábháilte, slán agus inbhuanaithe go deo, áfach. Tá iarracht á déanamh ag EirGrid a chinntiú go bhfuil an pobal ag croílár a chuid oibre agus oibreoidh sé i ndlúthchomhar leis na páirtithe leasmhara ar fad d'fhonn a chinntiú nach gcuirtear isteach ar bhealach iomarcach ar an bpobal agus d'fhonn a chinntiú go mbaineann na daoine a bhfuil tionchar ag ár dtionscadail orthu an oiread tairbhe astu agus is féidir.

Cuirtear tábhacht na bpobal áitiúil san áireamh inár mBeartas Sochair Pobail, na pobail a thacaíonn leis an obair atá á déanamh againn. Faoin tionscnamh seo, cruthaímid scéim sochair pobail atá i gcomhréir le scála an tionscadail agus bunaímid Fóram Pobail d'fhonn a chinntiú go bhfuil an scéim curtha in oiriúint don phobal áitiúil, ag an bpobal áitiúil.

Mínítear sa doiciméad seo maidir leis an mBeartas Sochair Pobail conas a dhéantar an beartas agus an ciste sochair pobail:

- a ríomh,
- a leagan amach,
- a bhainistiú,
- agus a dháileadh

Rannpháirtíocht an phobail

Tá an beartas sochair pobail nua agus feabhsaithe seo á chur ar fáil mar chuid dár 'Straitéis Rannpháirtíochta sa Phobal' nua in leagtar béim athnuaite ar an ngealltanas maidir lena chinntiú go bhfuil pobail ag croílár ár bpróisis chinnteoireachta trí rannpháirtíocht luath agus rialta.

Cén cineál tionscnamh atá á maoiniú?

Tacóidh an beartas seo le tionscnaimh ina gcuimsítear Cuspóirí Forbartha Inbhuanaithe (CFInna). Tá tuilleadh eolais maidir le CFInna le fáil ar Leathanach 12.

Tá trí shruth maoinithe i gceist faoi láthair:

- Pobal
- Inbhuanaitheacht
- Bithéagsúlacht

Conas a ríomhtar maoiniú

Tá gaol díreach idir an maoiniú a sholáthraímid agus an cineál oibre atá á déanamh againn.

- Le haghaidh gach ciliméadar de líne lasnairde 110 kV a leagan muid síos, cuirfimid €45,000 ar fáil do thionscadail phobail áitiúla a bhaineann leis na trí shruth.
- Le haghaidh gach fostáisiún tarchurtha nua a bhfuil voltas de 220 kV ann, cuirfimid €90,000 ar fáil.
- Le haghaidh gach tionscadal cábla faoi thalamh a sholáthraímid, cuirfimid 3% de chostas caipitil an chábla ar fáil.

Tá tuilleadh sonraí maidir leis seo le fáil ar leathanach 15.

Táimid ag iarraidh sochair mharthanacha a sholáthar

Glacann EirGrid leis go bhfuil sé tábhachtach go mbeadh a chiste sochair pobail ag tacú le agus ag cur le sruthanna maoinithe atá ar fáil cheana féin a bhfuil rochtain ag pobail áitiúla orthu. Ionas go mbeidh tionscadail inbhuanaithe, tá gá le comhoibriú. Oibreoidh ár bhfoireann i ndlúthpháirt le pobail, údaráis áitiúla, eagraíochtaí neamhrialtasacha agus gníomhaireachtaí Stáit d'fhonn a chinntiú go mbaineann pobail an oiread tairbhe agus is féidir leo as na deiseanna atá ar fáil dóibh chun a gceantar féin a athrú chun freastal ar a gcuid riachtanas.

Tuiscint an phobail ar 'fuinneamh' a athrú

Sonraítear i bPlean Gníomhaithe ar son na hAeráide na hÉireann cosán nua chun spriocanna a bhaineann le neodracht carbóin a chomhlíonadh faoi 2050. Lárnach san aistriú seo tá an gá atá le dícharbónú na hearnála fuinnimh agus gealltanas na hÉireann go mbeidh suas le 80% dá cuid leictreachais ag teacht ó fhoinsí in-athnuaite faoi 2030. Chuir pobail éagsúla in iúl dúinn, trí dhianchomhairliúcháin, gur mian leo a bheith páirteach sa réiteach. Tá EirGrid tiomanta do bheith ag obair le gach comhpháirtí chun cabhrú le pobail aistriú chuig todhchaí fuinnimh níos glaine.

Céard é Ciste Sochair Pobail?

Tá EirGrid freagrach as na mílte ciliméadar de línte cumhachta ar fud oileán na hÉireann. Nuair a bhíonn bonneagar tarchurtha nua á uasghrádú nó a chur ar fáil chun cabhrú leis an eangach a dhéanamh níos éifeachtúla, níos eacnamúla agus níos inbhuanaithe, cuirtear go leor fachtóirí san áireamh. Áirítear ina measc sochair daoine aonair, teaghlach, gnóthaí agus pobal a chosaint agus ag an am céanna a chinntiú go bhfuil buntáistí fadtéarmacha á mbaint as fuinneamh sábháilte, slán agus inbhuanaithe. Is í an aidhm atá ag EirGrid ná gan cur isteach ar dhaoine ach amháin nuair nach bhfuil aon rogha eile ann, ach uaireanta caithfear cur isteach ar phobail chun obair riachtanach a dhéanamh.

Chuige sin, tá ciste tiomanta chun eangach nua a fhorbairt á chur ar fáil chun buntáistí díreacha a chruthú do na pobail is cóngaraí don bhonneagar tarchurtha nua. Tacaíonn na cistí seo, atá i gcomhréir le scála an tionscadail, le cúiseanna maithe áitiúla, cabhraíonn siad le pobail a gceantar féin a athrú ó bhonn agus tugann siad deis do gach pobal feidhmiú mar 'pobal fuinnimh inbhuanaithe' nó leanúint ar aghaidh ag feidhmiú mar sin. Is í an aidhm fhoriomlán ná oidhreacht dhearfach a fhágáil sna pobail ina ndéantar an bonneagar leictreach a óstáil.

Beidh an scéim sochair pobail beo chomh luath is a gheofar ceadúnas pleanála don tionscadal. Tá an sochar pobail a bhaineann le gach tionscadal á bhainistiú ag foireann an tionscadail. Tacaíonn an fhoireann seo leis an obair a bhaineann le Fóram Pobail áitiúil a bhunú.

Cathain a bheidh Maoiniú Sochair Pobail ar Fáil?

Tionscadail atá cáilithe do shochar pobail

Nuair a dhéanaimid an obair seo a leanas, cuirimid cistí sochair pobail ar fáil.

Cuimsítear san obair seo:

- línte tarchurtha lasnairde nua,
- scéimeanna cáblaithe nua faoi thalamh,
- tionscadail stáisiúin nua,
- voltas línte a mhéadú a mbeidh tionchar suntasach amhairc aige nó a mbeidh oibreacha suntasacha nua i gceist leis,
- naisc chustaiméara, nuair is é EirGrid an príomhfhorbróir, agus
- tionscadail a bhfuil leas straitéiseach ag baint leo.

Is éard atá i gceist le tionscadal a bhfuil leas straitéiseach ag baint leis ná tionscadal a bhaineann leis an líonra tarchurtha atá riachtanach i gcomhthéacs thodhchaí an líonra eangaí. Áirítear i measc na samplaí de thionscadail mar seo nasc leictreachais an Idirnascaire Cheiltigh, Uasghrádú Eangach Chill Dara-na Mí agus an tIdirnascaire Thuaidh-Theas.

Tionscadail nach bhfuil cáilithe do shochair pobail

Ní sholáthraímid sochair pobail do scéimeanna a bhfuil feabhsuithe beaga san áireamh iontu nó an bonneagar atá ann cheana féin a athchóiriú.

San áireamh anseo tá tionscadail cosúil leis na cinn seo:

- atógálacha líne iomlána,
- athruithe ar an líne tarchurtha, agus
- forbairtí stáisiún beag ar láithreáin stáisiúin atá forbartha cheana.

Nuair a chuirimid obair áirithe eile i gcrích, déanfaimid measúnú ar gach tionscadal lena fháil amach cibé acu an bhfuil nó nach bhfuil sé cáilithe do mhaoiniú sochair pobail.

Céard é Fóram Pobail?

Beidh an scéim sochair pobail beo chomh luath is a gheofar ceadúnas pleanála don tionscadal. Tá an sochar pobail a bhaineann le gach tionscadal á bhainistiú ag foireann an tionscadail. Tacaíonn an fhoireann seo leis an obair a bhaineann le Fóram Pobail áitiúil a bhunú.

Fóram Pobail Áitiúil

Bunófar Fóram Pobail áitiúil le haghaidh gach tionscadal a cháilíonn do Scéim Sochair Pobail EirGrid. Beidh fóram pobail bunaithe ag go leor tionscadal cheana féin, obair a bheidh déanta i rith chéimeanna comhairliúcháin agus dearaidh an tionscadail. Forbróidh gach fóram pobail straitéis dá phobal féin.

Céard a dhéanfaidh an fóram pobail?

- Cinnteoidh sé go mbeidh pobail ag croílár an phróisis cinnteoireachta thar shaolré an tionscadail.
- Soláthróidh sé ionchur agus eolas áitiúil tábhachtach chun cabhrú le próiseas cinnteoireachta fhoireann an tionscadail.
- Oibreoidh sé le grúpaí agus le heagraíochtaí pobail chun muinín a chothú, riachtanais áitiúla a shainaithint, comhpháirtíochtaí a bhunú agus tionscadail áitiúla a chur i gcrích.
- Soláthróidh sé rialachas agus trédhearcacht maidir le cur chun feidhme Sochair Pobail.
- Gheobhaidh sé nuashonruithe rialta ó bhaill foirne EirGrid maidir le forbairt tionscadail.
- Cuirfidh sé comhairle ar EirGrid maidir leis an gcur chuige is éifeachtaí chun aiseolas agus eolas maidir le garspriocanna a roinnt leis an bpobal trí chéile.

Ról an fhóraim i ndáil le Sochair Pobail

Soláthraíonn an Fóram Pobail comhairle agus eolas maidir le gach gné den Chiste Pobail. Áirítear leis sin:

- Oibriú le EirGrid chun eagraíochtaí agus tionscadail fhéideartha a shainaithint d'fhonn a chinntiú go bhfuil an oiread tionchair agus is féidir ag sochar pobail sa cheantar.
- Deiseanna comhpháirtíochta agus comhoibrithe a shainaithint.
- Critéir agus paraiméadair an chiste a chomhaontú.
- Glacadh le tograí atá le plé agus le breithniú.
- Eolas tábhachtach áitiúil a sholáthar maidir le riachtanais agus tosaíochtaí an cheantair.
- Aiseolas a sholáthar ag príomhchéimeanna den phróiseas.

Tacóidh baill an Fhóraim ar bhonn gníomhach le Sochar Pobail ina gceantar féin agus spreagfaidh siad eagraíochtaí chun páirt a ghlacadh ann.

Cathaoirleach an fhóraim phobail

Beidh cathaoirleach neamhspleách ag an bhfóram pobail a mbeidh taithí aige nó aici ar éascú, acmhainn a fhorbairt, forbairt pobail nó athbheochan tuaithe. Éascóidh an cathaoirleach cruinnithe agus tacóidh sé nó sí le gníomhaíocht an fhóraim pobail.

Baill an fhóraim phobail

Is páirtithe leasmhara áitiúla a bheidh páirteach san fhóram pobail.

D'fhéadfaí ionadaithe ó na heagraíochtaí seo a bheith ina measc:

- comhairlí pobail,
- grúpaí pobail áitiúla,
- pobail atá gafa le fuinneamh inbhuanaithe,
- údaráis áitiúla,
- comhlachas tráchtála
- cuideachtaí forbartha áitiúla,
- gníomhaireachtaí stáit ábhartha eile, agus
- daoine ábhartha eile atá ag brath ar an tionscadal.

Leagan Amach an Chiste Sochair Pobail?

Straitéis Sochair Pobail

Beidh ról ceannaireachta ag an bhfóram pobail áitiúil i bhforbairt straitéis do thionscadal sochair pobail áitiúil. Déanfar an méid sin a chomhaontú sula gcuirtear an maoiniú sochair pobail ar fáil. Forbrófar cuid den straitéis seo bunaithe ar an obair a dhéanann an riarthóir ciste sheachtraigh a cheapfar. Is eintiteas neamhspleách é riarthóir an chiste a cheaptar trí phróiseas soláthair.

Beidh an straitéis seo ábhartha do cheantar geografach an tionscadail agus áireofar san obair fhorbartha a dhéanfar:

- agallaimh le baill den Fhóram;
- agallaimh le príomhcheannairí pobail;
- suirbhé gearr le grúpaí pobail;
- comhairliúchán le Líonraí Rannpháirtíochta Pobail Áitiúla (LRPanna), Cuideachtaí Forbartha Áitiúla, Údaráis Áitiúla agus páirtithe leasmhara straitéiseacha ábhartha eile;
- tacair sonraí oiriúnacha ó Phríomh-Oifig Staidrimh, Pobal, srl;
- anailís LLDB ar an gceantar (láidreachtaí, laigí, deiseanna agus bagairtí);
- Anailís ar riachtanais an phobail (lena n-áirítear anailís shocheacnamaíoch);
- Mapáil na dtosaíochtaí sochair pobail;
- Mapáil na dtionscnamh agus na gcomhpháirtíochtaí comhlántacha poitéinsiúla (LEADER, Scéim Athnuachana Bailte agus Sráidbhailte, Caipiteal Spóirt, mar shampla);
- Struchtúr agus sásraí an chiste beartaithe (trí chiste ar leith mar shampla, scéim bhuiséadaithe rannpháirteach, babhta aonair deontais agus mar sin de); agus
- faisnéis ábhartha eile; nó cibé modheolaíocht eile a mholtar atá oiriúnach.

Comhpháirtíochtaí

Oibreoidh EirGrid agus an fóram sochair pobail le comhpháirtithe ábhartha cosúil le húdaráis áitiúla agus líonraí rannpháirtíochta pobail (LRPanna), cuideachtaí forbartha áitiúla, Údarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann (SEAI) agus Eagraíochtaí Neamhrialtasacha a thacaíonn le SFInna.

Le haghaidh gach ciste sochair pobail áitiúil, cinnteoidh na comhpháirtíochtaí seo cur chuige comhordaithe agus feabhsaithe maidir le forbairt na straitéise sochair pobail áitiúil. Ailíneofar é seo le beartais ghinearálta agus cuirfear ar chumas pobal áitiúil tairbhe a bhaint as rochtain ar níos mó tacaíochtaí.

Céimeanna tosaigh na hoibre a mhaoiniú

Cuirfimid maoiniú ar fáil chun an fóram pobail áitiúil a bhunú, lena n-áirítear cathaoirleach agus riarthóir neamhspleách an chiste a cheapadh. Oibreoidh riarthóir an chiste i ndlúthchomhar le EirGrid agus leis na fóraim phobail ábhartha chun straitéis sochair pobail a bhunú atá ábhartha do cheantar geografach an tionscadail.

Dáileadh na gcistí:

Nuair a bheidh an straitéis agus na comhpháirtíochtaí bunaithe cuirfear tús le próiseas iarratais an chiste sochair pobail.

Áirítear leis sin:

- Ag fáiltiú roimh iarratais ar an gciste;
- Eagrófar seisiúin eolais maidir leis an bpróiseas iarratais, tabharfar cuireadh do ghrúpaí pobail;
- Cuirfear tacaíocht ar fáil do ghrúpaí pobail más gá; agus
- Déanfaidh painéal meastóireachta seachtrach measúnú ar na hiarratais, roghnófar na hiarratais rathúla agus comhaontófar an leibhéal maoinithe atá le bronnadh.

Conas a dhéanfar iarratais a mheas?

Beidh painéal meastóireachta freagrach as gach iarratas a mheas agus as dáileadh cothrom agus oibiachtúil deontas i gceantar an tionscadail a chinntiú. Páirteach sa phainéal meastóireachta seo beidh ionadaithe ó EirGrid mar aon le meastóirí neamhspleácha.

Déanfaidh an Painéal Meastóireachta iarracht a chinntiú go mbaineann pobail feadh na líne tarchurtha tairbhe as an gciste agus breithneofar raon geografach na n-iarratas. Chomh maith leis sin, déanfaidh an Painéal iarracht a chinntiú go bhfuil cineálacha éagsúla tionscadal á maoiniú, a fhreastalaíonn ar dhéimeagrafaic éagsúla.

Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe

In 2015, bhí Éire i measc an 193 tír a bhí ar fud an domhain agus chláraigh le haghaidh agus a gheall na Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe (SFInna) a chomhlíonadh faoi 2030. Áirítear le creat SFI, seacht sprioc déag atá uilíoch (a bhaineann le gach tír agus pobal) agus idirspleách (tá gach sprioc nasctha le spriocanna eile). Éileoidh gach gairm ar mhaoiniú go mbeadh na hiarratais deontais ailínithe leis na spriocanna agus cur síos a thabhairt do EirGrid ar conas a chabhróidh do thogra leis na spriocanna a chomhlíonadh i do phobal.

Sruthanna Sochair Pobail

Tá trí shruth i gceist:

Inbhuanaitheacht | **Pobal** | **Bithéagsúlacht**

An Sruth Inbhuanaitheachta

Is í an aidhm atá leis an sruth inbhuanaitheachta ná athrú a chuir leis an mbealach a smaoiníonn pobail faoi, an bealach a gcruthaíonn siad agus an bealach a úsáideann siad fuinneamh.

Le haghaidh gach pobal a cháilíonn chun páirt a ghlacadh i scéim Sochair Pobail EirGrid, tugaimid deis dóibh:

- Pobail Fuinnimh Inmharthana (SEC) a bhunú, agus
- Máistirphlean Fuinnimh a fhorbairt (mura bhfuil plean iomlán bunaithe cheana féin).

D'fhéadfadh ár maoiniú inbhuanaitheachta cabhrú le pobail tús a chur le tionscadal, ionas go mbeidh siad cáilithe chun iarratas a dhéanamh ar chómhaoiniú nó ar chistí breise ó chomhlachtaí maoinithe eile.

San áireamh sna tionscadail fuinnimh inbhuanaithe ar féidir leo iarratas a dhéanamh ar mhaoiniú tá:

- gníomhaíocht pobail fuinnimh inmharthana,
- tionscnaimh fuinnimh pobail,
- tionscnaimh sochaí ísealcharbóin,
- comhairle fuinnimh,
- insliú agus feabhsuithe teasa, tionscnaimh oideachais,
- tionscadail in-athnuaite,
- tionscadail mhicrighiniúna (sampla: tionscadal grianfhuinnimh pobail),
- tionscnaimh athraithe iompraíochta,
- feidhmíocht fuinnimh foirgnimh pobail, agus
- speisialtóir fuinnimh inbhuanaithe a fhostú.

Sruth Pobail

Is í an aidhm atá leis an sruth pobail ná comhtháthú, folláine agus oideachas pobail a threisiú.

Cuirfimid na critéir ghinearálta seo a leanas i bhfeidhm i ndáil leis na catagóirí de thionscnaimh áitiúla atá incháilithe do mhaoiniú pobail:

- tionscnaimh a bhaineann leis na healaíona, teanga, oidhreacht áitiúil agus cultúr,
- taighde pobalbhunaithe,
- tionscnaimh oideachais,
- tionscnaimh agus saoráidí a mhéadaíonn rochtain ar oideachas,
- feabhsuithe ar shaoráidí pobail,
- tionscnaimh a bhfuil eagraíochtaí spóirt i gceannas orthu,
- áiseanna áineasa a sholáthar,
- freastal ar riachtanais áitiúla áirithe,
- beartas feasachta comhshaoil a sholáthar,
- áiseanna a chur ar fáil do leanaí agus daoine óga,
- áiseanna a chur ar fáil do dhaoine scothaosta, agus
- tionscnaimh maidir le Bailte agus Sráidbhailte Slachtmhara.

Sruth Bithéagsúlachta

Is é an aidhm atá leis an sruth bithéagsúlachta ná a chinntiú go bhfuil cuma níos fearr ar bhithéagsúlacht ceantair ná mar a bhí sular thógamar tionscadail.

Oibreoidh EirGrid leis an bpobal tríd an bhfóram pobail chun tionscadail bhithéagsúlachta a mholadh a rachaidh chun tairbhe na comharsanachta agus a mbeidh oidhreacht dhearfach fhadmharthanach bhithéagsúlachta dá mbarr.

Seo a leanas samplaí de thionscadail bhithéagsúlachta:

- conairí dúlra bithéagsúlachta,
- bogaigh phobail,
- cuibhrinn phobail 'fás tú féin',
- tionscnaimh gharraíodóireachta atá neamhdhíobhálach don fhiadhúlra,
- foirgnimh atá oiriúnach don dúlra,
- tionscnaimh phailneora (neamhdhíobhálach do bheacha),
- tionscadail chun fáil réidh le plandaí ionracha, agus
- cláir oideachais fiadhúlra – 'cainteanna agus siúlóidí'.

Ní mór do thionscadail bhithéagsúlachta an ceadúnú ábhartha a chomhlíonadh

Ní mór do thionscadail bhithéagsúlachta bheartaithe ceadúnú comhshaoil ábhartha a chomhlíonadh. Ainneoin gur leis na pobail féin a gcuid tionscadal féin, ní mór go mbeadh diansceideal cigireachta acu agus go mbeadh rialacháin ábhartha á gcomhlíonadh.

Luach an Chiste Sochair Pobail a Mheas

Tá an maoiniú a chuirfimid ar fáil gaolta go díreach leis an gcineál tionscadail atá á chur i gcrích againn. Mar shampla:

Le haghaidh gach ciliméadar de líne lasnairde 110 kV a úsáidimid, cuirfimid €45,000 ar fáil do thionscadail phobail áitiúla. Féach ar Thábla 1. Le haghaidh gach cábla faoi thalamh a sholáthraímid, cuirfimid 3% de chostas an chábla seo ar fáil (tá costas difriúil luaite le gach tionscadal). Féach ar Thábla 2.

Le haghaidh gach fostáisiún tarchurtha a bhfuil voltas de 220 kV ann, cuirfimid €90,000 ar fáil. Féach ar Thábla 3.

Tá an maoiniú a bheidh á chur ar fáil againn á dháileadh ar thrí shruth (féach leathanach 13)

Tábla 1: Línte lasnairde

Línte Lasnairde		
Tá méid sonrach de mhaoiniú pobail a chuir ar fáil bunaithe ar voltas agus fad na línte lasnairde a chuirimid ar fáil.		
Voltas na líne lasnairde	An méid de chistí pobail a chuirfimid ar fáil de réir an chiliméadair líne	Sampla de chistí pobail le haghaidh líne 50km
110 kV	€45,000	€2,250,000
220 kV	€90,000	€4,500,000
400 kV	€120,000	€6,000,000

Tábla 2: Cáblaí faoi thalamh

Cáblaí faoi Thalamh		
Tá méid sonrach de mhaoiniú pobail ar fáil bunaithe ar voltas agus costas caipitil na gcáblaí nua faoi thalamh. Le haghaidh gach cábla faoi thalamh, soláthraímid cistí pobail atá cothrom le luach 3% de chostas an chábla. Tá na costais seo a leanas táscach agus d'fhéadfaidís athrú ó am go am ag brath ar an gcineál cábla.		
Voltas an chábla faoi thalamh	3% den chostas de réir an chiliméadair	Sampla de chistí pobail le haghaidh líne 50km
110 kV	€23,400	€1,170,000
220 kV	€36,600	€1,830,000
400 kV	€47,100	€2,355,000

Tábla 3: Fostáisiúin tarchurtha

Fostáisiúin Tarchurtha	
Le haghaidh gach fostáisiún nua a fhorbraímid, leithdháilfimid cistí le haghaidh ciste sochair pobail.	
Voltas fostáisiúin	Méid na gcistí pobail a bheidh á gcur ar fáil againn do gach stáisiún
110 kV	€45,000
220 kV	€90,000
400 kV	€120,000

Eisiúintan Mhaoinithe

Beidh an Sochar Pobail á eisiúint ar bhonn céimithe de réir mar a bhíonn an tionscadal ag leanúint ar aghaidh.

Déanfaidh muid íocaíochtaí a éisiúint mar seo a leanas:





Céim 1: 40%

Nuair a chuirtear tús le tógáil an tionscadail.

Céim 2: 30%

Nuair a chuirtear tús le sreangú líne nó siúntáil chábla.

Céim 3: 30%

Nuair a bhíonn an tionscadal beo (nuair is cuid den eangach leictreachais an líne agus nuair a sruthann leictreachas tríthi).

Conas is Féidir Tuilleadh Eolais a Fháil

Más mian leat tuilleadh eolais a fháil faoi Scéim Sochair Pobail atá in aice leat, déan teagmháil lenár n-oifigigh idirchaidrimh phobail.

Is féidir leat teagmháil a dhéanamh leo trí úsáid a bhaint as na sonraí atá le fáil ar ár suíomh gréasáin: www.eirgrid.ie.

Tá cóip dár Straitéis Rannpháirtíochta Pobail le fáil ag www.eirgrid.ie.

EirGrid

An tUbhchruth, 160 Bóthar Shíol Bhroin,
Baile Átha Cliath, 4D04 FW28
01 627 1700 | EirGrid.ie

WORLD LAND TRUST™
www.carbonbalancedpaper.com
CBP002856